2023/2921

28.12.2023

**CINNEADH (AE) 2023/2921 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 21 Nollaig 2023**

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na rialacha idirthréimhseacha táirgeshonracha le haghaidh taisc-cheallraí leictreacha agus feithiclí leictrithe**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'), i gcrích agus formheasadh é trí bhíthin Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 [1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021.

(2) Leagtar síos i gCaibidil 2 de Theideal 1 de Cheannteideal a hAon de Chuid a Dó den Chomhaontú Trádála agus Comhair agus in Iarscríbhinní 2 go 9 a ghabhann leis, forálacha maidir leis an sainmhíniú ar tháirgí tionscnaimh agus modhanna comhair riaracháin.

(3) De bhun Airteagail 7 agus 68 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, féadfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta Caibidil 2, 'Rialacha Tionscnaimh', de Theideal I, 'Trádáil in Earraí', de Cheannteideal a hAon, 'Trádáil', de Chuid a Dó, 'Socruithe Trádála, Iompair, Iascaigh agus Eile' agus na hiarscríbhinní gaolmhara a leasú.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta a bhunú, ós rud é go mbeidh a cinneadh a mhéid a bhaineann leis na rialacha idirthréimhseacha táirgeshonracha le haghaidh taisc-cheallraí leictreacha agus feithiclí leictrithe ina cheangal ar an Aontas.

(5) Le hIarscríbhinn 5 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair déantar foráil maidir le teacht i bhfeidhm de réir a chéile na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha le haghaidh taisc-cheallraí leictreacha agus feithiclí leictrithe.

(6) De bharr an chomhthéacs slándála, eacnamaíoch agus trádála dhomhanda, lena n-áirítear cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, paindéim COVID agus iomaíocht ó scéimeanna nua idirnáisiúnta ó thaobh tacaíocht d'fhóirdheontais, moillíodh nó cuireadh siar roinnt infheistíochtaí in éiceachóras Eorpach na gceallraí, agus tháinig freisin moilliú ar sheachadadh pleananna infheistíochta suntasacha a coinníodh ar bun d'ainneoin na ndálaí ginearálta. Mar gheall ar iarmhairtí díreacha na dteagmhas seachtrach sin, amhail costais fuinnimh a bheith ag ardú as cuimse agus ardrátaí boilscithe, cuireadh bac sa bhreis ar fhorbairt éiceachóras na gceallraí san Aontas.

(7) Ós rud é go raibh an fhorbairt ar éiceachóras na gceallraí níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis, tá ábhair imní tagtha chun cinn i dtionscal an Aontais nach gcomhlíonfaidh onnmhairithe Eopracha gluaisteán chuig an Ríocht Aontaithe rialacha tionscnaimh táirgeshonracha atá ag teacht isteach, rud as a dtiocfaidh forchur taraifí ar na honnmhairithe sin agus drochthionchar ar iomaíochas na n-onnmhairithe sin i margadh na Ríochta Aontaithe.

[1] Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

(8) Dá bhrí sin, is iomchuí sásra lena ndéanfar nasc a sholáthar don tionscal san Aontas. Ba cheart an sásra sin deis a thabhairt do thionscal na gceallraí bonn táirgthe láidir a mhéadú a thuilleadh le aghaidh feithiclí leictreacha san Aontas ar féidir bheith iomaíoch ar an leibhéal idirnáisiúnta agus tacú leis an mbonn sin. Áiritheofar leis sin go gcomhlíonfaidh onnmhairithe gluaisteán ón Aontas chuig an Ríocht Aontaithe na rialacha tionscnaimh faoin gComhaontú Trádála agus Comhair ar deireadh.

(9) Leis an sásra lena ndéanfar nasc, féadfar leanúint de de na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha atá ann cheana le haghaidh taisc-cheallraí leictreacha agus feithiclí leictrithe a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2026. Ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh, beidh na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha i bhfeidhm a shonraítear in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.

(10) Is é is aidhm do na rialacha tionscnaimh le haghaidh taisc-cheallraí leictreacha agus feithiclí leictrithe a leagtar amach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, an infheistíocht in acmhainneacht monaraithe ceallraí san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe a dhreasú. Níltear ag smaoineamh ar na rialacha atá ag teacht isteach a chur siar a thuilleadh in aon chor. Dá bhrí sin, ba cheart teorainn a chur leis an bhféidearthacht go ndéanfar athruithe breise ar na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha le haghaidh taisc-cheallraí leictreacha agus feithiclí leictrithe.

(11) Tá an tAontas tiomanta slabhraí soláthair de chuid an Aontais agus éiceachóras le haghaidh ceallraí agus feithiclí leictreacha a fhorbairt agus a neartú. Dá bhrí sin, le síneadh aon uair amháin leis na rialacha tionscnaimh is infheidhme faoi láthair, ba cheart tacaíocht straitéiseach don earnáil ceallraí agus rannpháirtíocht níos gníomhaí leis an tionscal a bheith ag gabháil leis an síneadh sin. Go háirithe, tá sé tábhachtach go méadóidh tionscal gluaisteán an Aontais a infheistíochtaí ar fud an tslabhra luacha ceallraí iomlán agus go dtabharfaidh sé comhaontuithe um réamhshocrú díola i gcrích chun freastal ar 70 % den éileamh ar cheallraí ar a laghad le foinsiú intíre agus go gcuirfidh sé le neartú inbhuanaitheacht, inrianaitheacht agus chiorclaíocht na gceallraí i gcomhréir leis an *acquis* atá ann cheana agus, go háirithe, Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(12) Chun spreagadh breise a thabhairt do thacaíocht níos tapúla agus níos costéifeachtaí le haghaidh mhonarú na gceallraí is inbhuanaithe sna Ballstáit, tugann an Chomhairle dá haire go gcuirfidh an Coimisiún ar bun ionstraim thiomnaithe faoin gCiste Nuálaíochta ([3]). Leis an ionstraim sin, a sheolfar in 2024, agus lánurraim á tabhairt do na cuspóirí agus na critéir a bhunaítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún ([4]), soláthrófar cistiú suas le EUR 3 bhilliún le linn na 3 bliana seo chugainn, cistiú a dheonófar mar phréimh sheasta a ghabhfadh le hacmhainneacht ceallraí monaraithe ar mhonaróirí na gceallraí is inbhuanaithe san Aontas, b'fhéidir, rud a mbeadh éifeachtaí iarmharta tábhachtacha aige ar an slabhra luacha ceallraí san Aontas ina iomláine, go háirithe an chuid réamhtheachtach de. Ba cheart tacaíocht a thabhairt leis an sásra do CAPEX agus OPEX, i gcomhréir leis na Conarthaí, agus ba cheart an sásra sin a bheith carnach i dtaca le foirmeacha eile tacaíochta arna bhfáil ag na heintitis incháilithe. Déanfar buiséad na nglaonna, na critéir cháilíochta, agus téarmaí agus coinníollacha eile maidir leis an ionstraim sin a shocrú in 2024.

(13) Chomh maith leis sin, tugann an Chomhairle dá haire go leathnóidh an Coimisiún an Ionstraim chun go bhféadfaidh na Ballstáit acmhainní a mbuiséad náisiúnta a úsáid chun tacaíocht a dheonú le haghaidh tionscadail a bheidh ábhartha d'fhorbairt acmhainneachtaí an Aontais i leith monarú inbhuanaithe ceallraí ina gcríocha, agus, an tráth céanna, a bheith ag brath ar shásra ceant ar fud an Aontais chun na tionscadail is iomaíche a shainaithint. Leis an gcur chuige sin, déanfar ilroinnt ar mhargadh na gceallraí san Aontas a sheachaint agus agus sábhálfar airgead ar na costais riaracháin a bhainfeadh le Ballstáit a bheith ag forbairt scéimeanna tacaíochta éagsúla.

(14) Déanfaidh an Coimisiún grinnfhaireachán ar rannpháirtíocht thionscal gluaisteán an Aontais i bhforbairt éiceachórais ceallraí an Aontais. Go háirithe, rachaidh an Coimisiún i mbun dialóga leathbhliantúla leis an tionscal gluaisteán agus an tionscal ceallraí chun measúnú leanúnach a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo shroicheadh na príomhsprice 70 % ar a laghad don éileamh ar cheallraí le foinsiú intíre, agus ar a ullaimhe atá an tionscal i leith

([2]) Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (IO L 191, 28.7.2023, lch. 1).

([3]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil liúntais astaíochtaí gáis cheaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32)

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hoibriú an Chiste don Nuálaíocht (IO L 140, 28.5.2019, lch. 6).

rialacha tionscnaimh an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, rialacha a bheidh feidhm acu ó 2027 ar aghaidh, a chomhlíonadh. Ar bhonn a mheasúnaithe, déanfaidh an Coimisiún bearta breise le haghaidh comhlíonadh níos fearr a mheas, de réir mar is iomchuí.

(15) Cé go gcuirtear, leis an gcinneadh ón gComhairle Comhpháirtíochta, deireadh le céim amháin i dtabhairt isteach de réir a chéile rialacha tionscnaimh níos déine faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, agus, dá bhrí sin, go gcuirtear síneadh leis na rialacha tionscnaimh atá ann cheana go dtí deireadh 2026, tá an tAontas tiomanta fós do na rialacha a thiocfaidh i bhfeidhm in 2027. Dá réir sin, leis an gcinneadh ón gComhairle Comhpháirtíochta atá mar ábhar an Chinnidh seo, dá bhrí sin, cuirtear teorainn ar an bhféidearthacht athruithe breise a dhéanamh ar na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha le haghaidh taisc-cheallraí leictreacha agus feithiclí leictrithe le cinneadh eile ón gComhairle Comhpháirtíochta. Leanfaidh an Coimisiún de mheastóireacht a dhéanamh ar staid margaí ceallraí idir domhanda agus Eorpach ar bhonn leanúnach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Nollaig 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
P. NAVARRO RÍOS

**DRÉACHT**

**CINNEADH UIMH. …/2023 ÓN gCOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA ARNA BUNÚ LEIS AN GCOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR IDIR AN TAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE**

**an …**

**a mhéid a bhaineann leis na rialacha idirthréimhseacha táirgeshonracha le haghaidh taisc-cheallraí leictreacha agus feithiclí leictrithe**

TÁ AN CHOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus go háirithe Airteagal 68 de agus Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, in Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis, do theacht i bhfeidhm de réir a chéile na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha le haghaidh taisc-cheallraí leictreacha agus feithiclí leictrithe.

(2) Cuireadh ábhair imní in iúl faoi na dúshláin a bhaineann le cur i bhfeidhm na rialacha sin maidir le cóimeáil feithiclí leictreacha san Aontas Eorpach agus sa Ríocht Aontaithe.

(3) Dá bhrí sin, is iomchuí síneadh go dtí an 31 Nollaig 2026 a chur le cur i bhfeidhm na rialacha táirgeshonracha le haghaidh taisc-cheallraí leictreacha agus feithiclí leictrithe is infheidhme go dtí an 31 Nollaig 2023. Ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh, beidh na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha le haghaidh taisc-cheallraí leictreacha agus feithiclí leictrithe, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, i bhfeidhm.

(4) Is é is aidhm do na rialacha táirgeshonracha le haghaidh taisc-cheallraí leictreacha agus feithiclí leictrithe a leagtar amach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair an infheistíocht in acmhainn mhonaraithe san Aontas Eorpach agus sa Ríocht Aontaithe a dhreasú. Níor cheart na rialacha atá ag teacht isteach a chur siar a thuilleadh in aon chor. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an leasaithe atá beartaithe, deireadh a chur leis an bhféidearthacht go ndéanfar athruithe breise ar na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha le haghaidh taisc-cheallraí leictreacha agus feithiclí leictrithe go dtí an 1 Eanáir 2032.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 68 den Chomhaontú Trádála agus Comhair:

'*Airteagal 68*

**Leasú ar an gCaibidil seo agus ar na hIarscríbhinní a ghabhann léi**

1. Féadfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta an Chaibidil seo agus na hIarscríbhinní a ghabhann léi a leasú, faoi réir mhír 2.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis an méid a leanas:

(a) Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an gComhaontú seo;

(b) na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn 3 maidir le táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn 5, go dtí an 1 Eanáir 2032; agus

(c) an tAirteagal seo, a mhéid a bhaineann sé le hIarscríbhinn 3 maidir le táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn 5, agus le hIarscríbhinn 5, go dtí 1 Eanáir 2032;

Mar sin féin, beidh feidhm ag mír 1 i gcás ina leasófar na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn 3 maidir le táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn 5, nó in Iarscríbhinn 5 de bharr nuashonruithe ar an gCóras Comhchuibhithe.'.

*Airteagal 2*

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/i/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle Comhpháirtíochta*
*Na Comhchathaoirligh*

*IARSCRÍBHINN*

*'IARSCRÍBHINN 5*

**RIALACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA TÁIRGESHONRACHA LE hAGHAIDH TAISC-CHEALLRAÍ LEICTREACHA AGUS FEITHICLÍ LEICTRITHE**

Rialacha eatramhacha táirgeshonracha is infheidhme ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí an 31 Nollaig 2026

Maidir leis na táirgí a liostaítear i gcolún 1 thíos, beidh feidhm ag an riail tháirgeshonrach agus a liostaítear i gcolún 2 ar feadh na tréimhse ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí an 31 Nollaig 2026.

| Colún 1<br>An Córas Comhchuibhithe um Aicmiú (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach | Colún 2<br>An riail tionscnaimh tháirgeshonrach is infheidhme ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí an 31 Nollaig 2026 |
|---|---|
| 85.07 | |
| — Taisc-cheallraí ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de mhodúil cheallra nó ceallra agus an ciorcadra chun iad a idirnascadh eatarthu féin, dá ngairtear go minic 'pacaí ceallraí', de chineál a úsáidtear mar phríomhfhoinse cumhachta leictrí chun feithiclí faoi cheannteidil 87.02, 87.03 agus 87.04 a thiomáint | CTSH;<br>Paicéid cheallra a chóimeáil ó chealla ceallra nó ó mhodúil cheallraí neamhthionscnaimh;<br>nó<br>MaxNOM 70 % (Praghas díreach ón monarcha) |
| — Cealla ceallraí, módúil ceallraí, agus páirteanna díobh, atá ceaptha lena n-ionchorprú i gcnuasaitheoir leictreach de chineál a úsáidtear mar phríomhfhoinse cumhachta leictrí chun feithiclí faoi cheannteidil 87.02, 87.03 agus 87.04 a thiomáint | CTH;<br>nó<br>MaxNOM 70 % (Praghas díreach ón monarcha) |
| 87.02-87.04 | |
| — feithiclí ina bhfuil inneall dócháin inmheánaigh spréach adhainte agus mótar leictreach araon mar mhótair le haghaidh tiomána, seachas iad siúd d'fhéadfaí a luchtú trína gceangal le foinse sheachtrach cumhachta leictreachais ('hibrid');<br>— feithiclí eile, ina bhfuil inneall loiní frithingeacha dócháin inmheánaigh spréach adhainte agus mótar leictreach araon mar mhótair le haghaidh tiomána, agus a d'fhéadfaí a luchtú trína gceangal le foinse sheachtrach cumhachta leictreachais ('hibrid inluchtaithe');<br>— feithiclí eile, ina bhfuil mótar leictreach, agus é sin amháin, le haghaidh tiomána | MaxNOM 60 % (Praghas díreach ón monarcha)'. |